Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10624 — ENEL / INTESA / JV)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 201/08)

1. An 10 Bealtaine 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Enel X S.r.l. (An Iodáil), atá á rialú ag Enel S.p.A.,

— Intesa Sanpaolo S.p.A. (An Iodáil),

— Mooney Group S.p.A. (An Iodáil),

— PayTipper S.p.A., CityPoste Payment S.p.A., Enel X Financial Services S.r.l. agus Junia Insurance S.r.l. (An Iodáil).

Gheobhaidh ENEL X S.r.l. agus Intesa Sanpaolo S.p.A. rialú comhpháirteach ar Mooney Group S.p.A., PayTipper S.p.A., CityPoste Payment S.p.A., Enel X Financial Services S.r.l. agus Junia Insurance S.r.l. de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Is trí cheannach scaireanna atáthar ag déanamh an chomhchruinnithe.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is grúpa fuinnimh é ENEL S.p.A. atá gníomhach i nginiúint, i dtrádáil, i ndáileadh agus i soláthar leictreachais agus gáis nádúrtha,

— Is grúpa baincéireachta é Intesa Sanpaolo S.p.A. atá gníomhach i mbaincéireacht mhiondíola agus i mbaincéireacht chorparáideach agus i mbainistíocht rachmais. Cuireann an grúpa seirbhísí ar fáil do 13.5 milliún custaiméir trí líonra ina bhfuil os cionn 3,700 craobh san Iodáil agus 1,000 craobh agus 7.1 milliún custaiméir ar fud an domhain,

— Cuireann Mooney Group S.p.A. seirbhísí íocaíochta ar fáil trí asraonta miondíola agus a ardáin dhigiteacha féin san Iodáil,

— Cuireann PayTipper S.p.A., CityPoste Payment S.p.A., Enel X Financial Services S.r.l. agus Junia Insurance S.r.l. seirbhísí ar fáil chun cánacha agus billí fóntais a íoc.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10624 – ENEL / INTESA / JV

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË